Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Márta 2021
(OR. en)

7492/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0151(COD)**

**VOTE 26**
**INF 73**
**PUBLIC 29**
**CODEC 474**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | - Toradh na vótála |
| | - RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2402 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe chun cabhrú leis an téarnamh ó ghéarchéim COVID-19 |
| | = Glacadh an ghnímh reachtaigh |
| | = Toradh an nós imeachta i scríbhinn a tugadh chun críche an 30 Márta 2021 |

Tá toradh na vótála maidir leis an ngníomh reachtach thuasluaite in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an nóta seo.

Doiciméad tagartha:

PE-CONS 70/20

an dáta a ghlac Coreper 1 an cinneadh chun an Nós Imeachta i Scríbhinn a úsáid

24.03.2021

Na ráitis agus/nó na míniúcháin ar an vótáil, tá siad in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an nóta seo.

# IARSCRÍBHINN 1

## General Secretariat of the Council

| | |
|---|---|
| Institution: | **Council of the European Union** |
| Session: | |
| Configuration: | |
| Item: | 2020/0151 (COD) (Document: **70/20**) |
| Voting Rule: | **qualified majority** |
| Subject: | REGULATION OF THE EUROPEAN PARLIAMENT AND OF THE COUNCIL amending Regulation (EU) 2017/2402 laying down a general framework for securitisation and creating a specific framework for simple, transparent and standardised securitisation to help the recovery from the COVID-19 crisis |

| Vote | Members | | Population (%) |
|---|---|---|---|
| Yes | 25 | | 98,75% |
| No | 1 | | 1,11% |
| Abstain | 1 | | 0,14% |
| Not participating | 0 | | |
| Total | 27 | | |

Sitting date: **30/03/2021**

Final result

| Member State | Weighting | Vote |
|---|---|---|
| BELGIQUE/BELGIË | 2,58 | Yes |
| БЪЛГАРИЯ | 1,55 | Yes |
| CESKÁ REPUBLIKA | 2,35 | Yes |
| DANMARK | 1,30 | Yes |
| DEUTSCHLAND | 18,54 | Yes |
| EESTI | 0,30 | Yes |
| ÉIRE/IRELAND | 1,11 | No |
| ΕΛΛΆΔΑ | 2,39 | Yes |
| ESPAÑA | 10,56 | Yes |
| FRANCE | 14,97 | Yes |
| HRVATSKA | 0,91 | Yes |
| ITALIA | 13,58 | Yes |
| ΚΎΠΡΟΣ | 0,20 | Yes |
| LATVIJA | 0,43 | Yes |

| Member State | Weighting | Vote |
|---|---|---|
| LIETUVA | 0,62 | Yes |
| LUXEMBOURG | 0,14 | Abstain |
| MAGYARORSZÁG | 2,18 | Yes |
| MALTA | 0,11 | Yes |
| NEDERLAND | 3,91 | Yes |
| ÖSTERREICH | 1,98 | Yes |
| POLSKA | 8,47 | Yes |
| PORTUGAL | 2,30 | Yes |
| ROMÂNIA | 4,31 | Yes |
| SLOVENIJA | 0,47 | Yes |
| SLOVENSKO | 1,22 | Yes |
| SUOMI/FINLAND | 1,23 | Yes |
| SVERIGE | 2,30 | Yes |
| | | |

** When acting on a proposal from the Commission or the High Representative, qualified majority is reached if at least 55 % of members vote in favour (15 MS) accounting for at least 65% of the population*

*For information: http://www.consilium.europa.eu/public-vote*

**Ráiteas ó Éirinn**

Ní féidir le hÉirinn tacú leis an togra seo. Tá imní orainn faoin téacs nua san aithris agus san airteagal agus faoin bpróiseas a úsáideadh chun teacht ar chomhaontú maidir leis an téacs. Is socrú seanbhunaithe é gurb iad saineolaithe cánach amháin sna meithleacha ábhartha cánach sa Chomhairle a phléann cúrsaí cánach agus a chomhaontaíonn iad. Urramaítear leis sin forálacha an nós imeachta reachtaigh speisialta agus aontoilíocht maidir le cúrsaí cánach mar atá cumhdaithe sna Conarthaí. Faoi na Conarthaí, ní raibh ach ról comhairleach ag Parlaimint na hEorpa i gcúrsaí cánach. Sa chomhaontú seo, áfach, bhí ról dréachtaithe ag Parlaimint na hEorpa sa téacs deiridh. Ní chreidimid go bhfuil an cháin nasctha go leordhóthanach le cur i gcrích rathúil togra Urrúsúcháin an Phacáiste Téarnaimh um Margaí Caipitil agus táimid i gcoinne cáin a úsáid mar chúiteamh i gcomhad de chuid na Seirbhísí Airgeadais chun teacht ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa. Is ábhar imní dúinn go bhfuil fasach contúirteach á leagan síos agus go bhfuil cúngú á dhéanamh ar cheart ceannasach na mBallstát beartas cánach a leagan síos, gan aon tagairt a dhéanamh d'fhoirmíochtaí ábhartha na Comhairle maidir le cánachas ná gan dul i gcomhairle leo.

B’fhearr linn go mbeadh níos mó ama ann le go rachfaí i gcomhairle mar is ceart le saineolaithe cánach na mBallstát agus go mbeadh tuairim tomhaiste curtha ar fáil acu. Ligfeadh an comhairliúchán sin don Chomhairle agus don Pharlaimint teacht ar réiteach tráthúil a chuideoidh le Margaí Caipitil téarnamh ó phaindéim COVID-19 gan cur isteach gan ghá ar cheannasacht na mBallstát maidir le cúrsaí cánachais.

**Ráiteas ó Lucsamburg**

Ní féidir le Lucsamburg tacú le téacs an rialacháin agus staonfaidh sé ón vótáil. Cé nach bhfuilimid i gcoinne chuspóirí an rialacháin, tá imní orainn faoin bpróiseas a úsáideadh chun teacht ar chomhaontú maidir leis an bhfoclaíocht in Airteagal 1(2)(c) agus in aithris (6) agus aithris (7) a bhaineann leis sin lena gcruthaítear nós imeachta um fhógra a thabhairt d'údaráis chánach na mBallstát i ndáil le SSPE atá bunaithe i ndlínsí a luaitear in Iarscríbhinn II de liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha mar gheall ar chóras díobhálach cánach a oibriú i gcomhad seirbhísí airgeadais a bhfuil Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ag fónamh mar bhunús dlí ina leith. Meabhraímid gur ag na Ballstáit amháin atá inniúlacht maidir le cúrsaí cánach agus gur ceart ceannasach na mBallstát iad cinntí maidir le beartas cánach. Sin é an fáth go bhfuil nós imeachta reachtach speisialta agus vótáil aontoilíochta sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle cé nach bhfuil i ról Pharlaimint na hEorpa ach ról comhairleach amháin.